Trialacha léamhthuisceana sa bhreis daoibh!

Gigi agus Bella

1 Tá clú ag cáil bainte amach ag na deirfiúr-acha Hadid le blianta beaga anuas. Oibríonn siad i dtionscal an fhaisin agus tuilleann siad na mílte dollar nuair a shiúlann siad amach ar an ardán taispeána. Rugadh Gigi sa bhliain 1995 agus rugadh Bella an bhliain dár gcionn. Tá dearthár amháin acu, Anwar. Is mainicín é siúd freisin agus tá ag éirí thar barr leis.

2 Bhí óige shona ag na deirfiúracha ar stoc-fheirm in Los Angeles, California. Bhí neart airgid acu, mar d'oibrigh an t-athair mar fhorbróir eastáit réadaigh agus ba mhainicín í a máthair. Chaith na cailíní an-chuid ama ag marcaíocht capall agus ghlac siad páirt i gcomórtais éagsúla. Rinne Bella a lán traenála chun áit a fháil ar fhoireann Mheiriceá do Chluichí Oilimp-eacha 2016, ach ar an drochuair, bhí uirthi deireadh tobann a chur lena brionglóid, mar fuarthas amach go raibh an galar *Lyme* uirthi. D'fhulaing sí go mór, ach diaidh ar ndiaidh, tháinig biseach uirthi.

©FeatureflashPhotoAgency/Shutterstock.com

3 Cé go raibh suim mhór ag Gigi sna capaill chomh maith, bhí suim ní ba mhó aici sa tsíceolaíocht. D'fhreastail sí ar ollscoil ar feadh tamaill ag déanamh staidéir ar shíceolaíocht choiriúil, ach d'éirigh sí as an gcúrsa sa bhliain 2013 chun díriú ar an mainicíneacht. Bhí seantaithí aici ar a bheith ag mainicíneacht, ar ndóigh. Thos-aigh sí ag obair don chomhlacht *Guess* nuair a bhí sí dhá bhliain d'aois (bhuel,

© Gael Linn
(ar lean thíos)

Baby Guess) agus d'oibrigh sí le *Guess* ó am go céile ar feadh na mblianta. Fuair sí conradh le *IMG Models* sa bhliain 2013 agus chuir sé sin tús le ré nua ina saol.

c.OvidiuHrubaru/Shutterstock.com

4 Lean Bella bóthar a deirféar. Bhog sí go Nua-Eabhrac sa bhliain 2014 agus tugadh conradh oibre di leis an gcomhlacht céanna le Gigi. Tá dúil mhór aici sa ghrianghrafadóireacht agus ba bhreá léi staidéar a dhéanamh ar an ngairm seo am éigin. Idir an dá linn, tá Bella agus Gigi sásta éadaí galánta a chaitheamh ar ardáin taispeána ar fud an domhain, cé go dtuigeann siad go maith go mbíonn brú millteanach ar mhainicíní a bheith tanaí i gcónaí.

5 Feictear pictiúir dheasa de na deirfiúracha in irisí, i nuachtáin agus ar na meáin shóisialta go rialta, ach is minic a fhaigheann siad teachtaireachtaí maslacha ar líne – agus ní thugann an *paparazzi* aon phríobháideachas dóibh. Tharla eachtra uafásach do Gigi sa bhliain 2016 nuair a rinne fear ionsaí fisiciúil uirthi go poiblí.

Gluais

tionscal = gnó *industry* stocfheirm = rainse *ranch*
forbróir *developer* eastát réadach *real estate*
diaidh ar ndiaidh = de réir a chéile
síceolaíocht choiriúil *criminal psychology*
ré = tréimhse grianghrafadóireacht *photography*

Ceisteanna

1 (a) Conas a bhain Gigi agus Bella clú agus cáil amach? (Alt 1)
(b) Píosa amháin eolais uait faoi Anwar. (Alt 1)
2 (a) Cén post a bhí ag athair na gcailíní? (Alt 2)
(b) Cad ina thaobh nach raibh Bella in ann páirt a ghlacadh sna Cluichí Oilimpeacha? (Alt 2)
3 (a) Cén fáth ar éirigh Gigi as a cúrsa ollscoile? (Alt 3)
(b) Cathain a thosaigh sí ag obair don chomhlacht, *Guess*? (Alt 3)
4 (a) Cad ba mhaith le Bella a dhéanamh am éigin? (Alt 4)

© Gael Linn
(ar lean thíos)

(b) Mínigh míbhuntáiste amháin a bhaineann le tionscal an fhaisin. (Alt 4)
5 Cén gearán atá ann i gcoinne lucht an *paparazzi*? (Is leor pointe amháin. (Alt 5)
6 Cén t-alt sa sliocht a dtagraíonn an abairt seo dó?
Is minic íomhanna de Gigi agus de Bella sna meáin.
Alt 1 ☐ **Alt 2** ☐ **Alt 3** ☐ **Alt 4** ☐ **Alt 5** ☐

Fiche bliain ag fás

1 Más déagóir thú a bhfuil suim agat sa léitheoireacht, tá an-seans go bhfuil tú ar dhuine de na daoine a cheannaigh ceann de na 450 milliún cóip den chéad leabhar sa tsraith, *Harry Potter*. Foilsíodh an leabhar sin faoin draoi óg sa bhliain 1997. Ba bheag a cheap daoine go mbeadh na mílte daoine lasmuigh de shiopaí leabhar ar fud an domhain ag fanacht leis an gcéad leabhar *Harry* eile breis is deich mbliana ina dhiaidh sin.



©Sergey Goryachev/shutterstock.com

2 *The Philosopher's Stone* ab ainm don chéad leabhar agus níor foilsíodh ach 500 cóip de. €1,500 a dhíol na foilsitheoirí, Bloomsbury, leis an údar JK Rowling. Údar ba ea í nach raibh aithne ag aon duine uirthi ag an am. Faoin am seo is fiú £650m í, meastar. Sé cinn de leabhair a lean an chéad cheann agus is geall le tionscal mór anois gach a mbaineann le Harry Potter – agus na leabhair aistrithe go 79 dteanga.

3 Chruthaigh Warner Bros ocht gcinn de scannáin, bunaithe ar shaothar Rowling, idir 2001 agus 2011. Ba iad na scannáin sin a rinne réaltaí idirnáisiúnta de Daniel Radcliffe, Emma Watson agus Rupert Grint. Ghlac Evanna Lynch, aisteoir óg ó Éirinn, páirt Luna Lovegood i gceithre cinn de na scannáin sin. Tar éis di féin ceann nó dhó de na leabhair a léamh, sheol sí litir chuig JK Rowling agus rinne sí comhghairdeas léi as na carachtair sna leabhair. D'fhreagair Rowling í agus bhí siad ina gcairde pinn i bhfad sula bhfuair Evanna an pháirt sna scannáin.

4 Ar ndóigh, tá mórán slite eile ina bhfuil Harry Potter ag dul i bhfeidhm ar an bpobal. Cuireadh dráma le JK Rowling ar stáitse i Londain sa bhliain 2016, tá cluichí ríomh-aireachta ann atá bunaithe ar na leabhair agus díoltar luach milliún euro d'earraí cuimhneacháin in aghaidh na bliana. Agus, an mhí seo, chun an fiche bliain *Harry* a cheil-iúradh, d'oscail Leabharlann na Breataine, taispeántas ar an draíocht a bhain le *Harry Potter*.

© Gael Linn
(ar lean thíos)

5 Tá an pobal idir dhá chomhairle faoin bhfiúntas a bhaineann le leabhair Harry Potter. Deir daoine áirithe gur litríocht ar ardchaighdeán atá iontu. Dar le daoine eile, níl siad chomh maith sin. Ach tá go leor coláistí agus ollscoileanna a bhfuil cúrsaí acu, bunaithe ar leabhair Harry Potter! Agus tá tuismitheoirí ann atá an-bhuíoch de Harry Potter, mar chuir na leabhair a leanaí ag léamh den chéad uair riamh.

©*Tinseltown / Shutterstock.com*

Gluais

draoi *wizard* sraith *series* comhghairdeas *congratulations*
cuimhneachán = ábhar cuimhne
ceiliúradh = comóradh *celebration*
fiúntas = luach

Ceisteanna

1 (a) Cathain a foilsíodh an chéad leabhar sa tsraith? (Alt 1)

(b) Cén uair a tháinig an dara ceann amach? (Alt 1)

2 (a) An mó cóip de *The Philosopher's Stone* a foilsíodh? (Alt 2)

(b) Cá mhéad a dhíol na foilsitheoirí leis an údar? (Alt 2)

©*GIO_LE / Shutterstock.com*

3 (a) Cad deirtear faoi Daniel Radcliffe, Emma Watson agus Rupert Grint? (Alt 3)

(b) Tabhair píosa amháin eolais faoin gcaidreamh idir JK Rowling agus Evanna Lynch. (Alt 3)

4 'Tá mórán slite eile ina bhfuil Harry Potter ag dul i bhfeidhm ar an bpobal.' Luaigh dhá cheann díobh. (Alt 4)

5 Mínigh dhá cheann de na tuairimí atá ag daoine faoi leabhair Harry Potter. (Alt 5)

6 Cén t-alt sa sliocht a dtagraíonn an abairt seo dó?

Duine an-saibhir is ea JK Rowling.

Alt 1 ☐ **Alt 2** ☐ **Alt 3** ☐ **Alt 4** ☐ **Alt 5** ☐

© Gael Linn

(ar lean thíos)

Banríon na coiriúlachta

1 Níl aon úrscéalaí Béarla a bhfuil a sárú le fáil ó thaobh dhíolachán leabhar de. Tá isteach is amach le dhá bhilliún cóip dá leabhair díolta. Chum Dame Agatha Mary Clarissa Christie, nó Agatha Christie mar is fearr aithne uirthi, úrscéalta bleachtaireachta, gearrscéalta, úrscéalta rómánsúla agus an dráma is faide a cuireadh ar stáitse riamh – *The Mousetrap*.

2 Rugadh Agatha i ndeisceart Shasana sa bhliain 1890. Chaith sí tamall ag tabhairt aire do shaighdiúirí a gortaíodh go dona sna trinsí le linn an chéad chogadh domhanda. Diúltaíodh do chúpla leabhar dá cuid ar dtús. Phós sí, thóg iníon amháin agus chuaigh ar ais ag obair in *University Hospital London* mar chúntóir cógaisíochta. Deirtear go bhfuair sí taithí agus tuiscint ansin ar gach sórt nimhe a bhí ar fáil agus go raibh sí ábalta leas a bhaint as an eolas sin ina chuid úrscéalta.

3 Hercule Poirot an bleachtaire ba cháiliúla a cheap sí. Ón mBeilg é agus chaith sé tamall mar phóilín ann. Ar na rudaí ba shuimiúla faoi bhí an croiméal agus an ceann maol. Ba é Poirot príomhcharachtar an leabhair, *The Mysterious Affair at Styles*. Foilsíodh an leabhar sin sa bhliain 1920, an chéad cheann le Christie ar glacadh leis. Tá scannán *Murder on the Orient Express* bunaithe ar leabhar eile léi le teacht amach go luath. Is fiú é a fheiceáil chun blas a fháil ar stíl Christie.

4 'Banríon na coiriúlachta' a baisteadh uirthi. Bhíodh an fhoirmle chéanna i gcuid mhaith dá scéalta. Dhúnmharaítí duine éigin. Thugtaí leideanna i rith an scéil a thugadh le tuiscint cén duine dá chairde nó dá ghaolta a bhíodh freagrach as an dúnmharú. Ach ní bhíodh a fhios ag an léitheoir cérbh é an duine sin go dtí go mbailíodh an bleachtaire iad go léir le chéile in aon seomra amháin ag deireadh an scéil!

© Gael Linn

(ar lean thíos)

5 Miss Marple is ainm do bhleachtaire eile de chuid Agatha. Ní raibh sí féin ná Poirot riamh ag obair as lámha a chéile in aon leabhar, mar dúirt an t-údar féin nach mbeadh Poirot sásta glacadh le comhairle ná le moladh ó sheanbhean nach raibh pósta! Fear leithleasach amach is amach ba ea Hercules Poirot. Mhair Agatha Christie go dtí go raibh sí 85 bliana d'aois agus cailleadh í sa bhliain 1976.

©Roberto Sorin / Shutterstock.com

Gluais

úrscéalaí *novelist* coiriúlacht *criminality*
a sárú = duine níos fearr ná í
bleachtaire *detective* leithleasach *selfish*
cógaisíocht = gnó piollairí agus drugaí
nimh = goimh *poison* croiméal *moustache*

Ceisteanna

1 (a) An mó leabhar de chuid Agatha Christie atá díolta?(Alt 1)
(b) Cad deirtear faoin dráma *The Mousetrap*? (Alt 1)
2 (a) Céard a rinne Agatha le linn an chéad chogadh domhanda? (Alt 2)
(b) Cén úsáid a bhain sí as an taithí a fuair sí in *University Hospital London*? (Alt 2)
3 (a) Dhá phíosa eolais uait faoi Hercule Poirot. (Alt 3)
(b) Ainmnigh an chéad leabhar de chuid Agatha Christie ar glacadh leis. (Alt 3)
4 'Bhíodh an fhoirmle chéanna i gcuid mhaith dá scéalta.' Scríobh dhá abairt faoin bhfoirmle sin. (Alt 4)
5 (a) Cén fáth nár oibrigh Poirot ná Marple le chéile riamh? (Alt 5)
(b) Luaigh tréith amháin de chuid Poirot. (Alt 5)
6 Cén t-alt sa sliocht a dtagraíonn an abairt seo dó?
Níor éirigh go rómhaith le Christie mar scríbhneoir ag an tús.

Alt 1 ☐ **Alt 2** ☐ **Alt 3** ☐ **Alt 4** ☐ **Alt 5** ☐

© Gael Linn

(ar lean thíos)

Triail teanga chomhthéacsúil

Féach ar na habairtí thíos. Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar bhriathra san aimsir láithreach, an saorbhriathar, an chopail agus an aidiacht shealbhach déan pé athruithe is gá.

Leid duit!

- **an chopail in úsáid dhá uair**
- **an saorbhriathar uair amháin**
- **an aidiacht shealbhach trí huaire**

Portráid Ed

1 (An : éist : tú) le ceol Ed Sheeran?
2 (Uaslódail : mé) físeán dá cheolchoirmeacha mar is breá liom (a : cuid) ceoil.
3 (Colin Davidson = sár-ealaíontóir as Béal Feirste).
4 (Déan : sé) portráidí de dhaoine cáiliúla – cinn de Ed Sheeran, John Hume, Brad Pitt, Jamie Dornan agus Angela Merkel ina measc.
5 (abair) go ndearna sé portráid Ed toisc gur bhuail sé le hathair Ed.
6 (athair Ed = coimeádaí agus staraí ealaíona).
7 Is breá le (mo : deirfiúr mhór), Saileog, ceol Ed freisin.
8 (Freastail : sí) ar an gcoláiste ealaíona agus (téigh) (a : cairde) go dtí taispeántais go minic.
9 (Léigh : siad) faoi na cinn is déanaí.
10 (Ceap : Saileog) go rachaidh sí go dtí Londain níos déanaí i mbliana, mar tá portráid Ed anois i ngailearaí ann – sa *National Portait Gallery*.

Bígí ag *caint!*

Spórt

Seo agallamh a cuireadh ar chaptaen fhoireann haca i scoil do chailíní i mbaile i lár tíre.

Léigí os ard é, mar aon leis na ceisteanna a ghabhann leis agus ansin freagraígí na ceisteanna ó bhéal.

Agallóir Dia duit, a Shiobhán. An bhfuil suim mhór agat i gcúrsaí spóirt?

Siobhán Tá, cinnte. Is maith liom gach saghas spóirt. Imrím haca, peil, camógaíocht agus leadóg. Is breá liom snámh freisin agus is aoibhinn liom féachaint ar spórt ar an teilifís, is cuma cén sórt spóirt a bhíonn ar siúl.

Agallóir An-mhaith. Cloisim go bhfuil tú i do chaptaen ar fhoireann haca na scoile. An bhfuil sé sin fíor?

Siobhán Tá – agus táim an-bhródúil as sin. Táim ag imirt haca anois le trí bliana. Thosaigh

© Gael Linn

(ar lean thíos)

mé nuair a bhí mé sa chéad bhliain agus thaitin sé liom ón gcéad lá.

Agallóir Cén fearas a bhíonn ag teastáil chun haca a imirt?

Siobhán Maide haca agus liathróid.

Agallóir Déan cur síos dom ar an liathróid.

Siobhán Liathróid bheag chrua í agus is féidir léi tú a ghortú go dona.

Agallóir Cén feisteas a bhíonn ort?

Siobhán T-léine, sciorta gearr, buataisí peile agus loirgneáin.

Agallóir An bhfuil foireann láidir sa scoil?

Siobhán Tá, cinnte. Bhuamar Craobh Laighean anuraidh agus ba bhreá linn í a bhuachan arís i mbliana.

Agallóir Bhuel, go raibh maith agat as ucht labhairt liom inniu agus go n-éirí go maith libh i mbliana!

Ceisteanna

1 Ainmnigh trí spórt a bhfuil suim ag Siobhán iontu.

2 An maith léi a bheith ag imirt spóirt agus ag féachaint air ar an teilifís freisin?

3 'Táim an-bhródúil as sin,' a deir sí. Cén fáth a bhfuil bród uirthi?

4 Cathain a thosaigh sí ag imirt haca?

5 Ar thaitin an cluiche léi ón tús?

6 Cén cur síos a dhéanann Siobhán ar an liathróid haca?

7 Cén fearas a bhíonn ag teastáil ón imreoir haca?

8 Cén feisteas a chaitheann imreoirí?

9 Ar éirigh go maith le foireann na scoile an bhliain seo caite?

10 Céard ba mhaith leis an bhfoireann a dhéanamh i mbliana?

©Alexander Kalina/ Shuterstock.com

Seo liosta de na spóirt éagsúla a imrítear i scoileanna in Éirinn. Léigí amach os ard é agus freagraí-gí na ceisteanna a leanann é.

badmantan *seoltóireacht* *marcaíocht ar chapall* *haca* *iománaíocht* *rugbaí* *peil ghaelach* *leadóg* *camógaíocht* *friosbaí* *snúcar* *cispheil* *rámhaíocht*

1 Céard iad na spóirt a imrítear in bhur scoil?

2 An imrítear aon cheann eile nach bhfuil ar an liosta?

© Gael Linn ***(ar lean thíos)***

3 Cén ceann is fearr leatsa?
4 Céard iad na spóirt is maith leat féachaint orthu ar an teilifís?
5 Déanaigí liosta ó bhéal de na háiseanna spóirt atá in bhur scoil.

Obair bheirte

Meaitseálaigí na nathanna ar thaobh na láimhe clé leis na cinn chearta ar deis!

1 Cathain a thosaigh tú ag imirt an chluiche sin?	**A** Tá suim ag cara amháin liom ann, ach níl suim ag mo chairde eile ann.
2 An mbíonn traenáil agat go rialta?	**B** Níor ghlac fós. Is ionadaí mé, ach tá súil agam go mbeidh mé ar an bhfoireann amach anseo.
3 An mbíonn an traenáil dian?	**C** Is breá liom peil.
4 An bhfuil an bainisteoir go deas?	**D** Nuair a bhí mé naoi mbliana d'aois.
5 Cén spórt is maith leat?	**E** Tá sé an-deas, ach bíonn sé ag súil le hiarracht mhaith ó gach duine.
6 An bhfuil suim ag do chairde sa pheil freisin?	**F** Bíonn, bíonn traenáil agam dhá uair sa tseachtain – gach Céadaoin agus Satharn.
7 Ar ghlac tú páirt riamh i gcomórtas?	**G** Ní bhíonn anois, ach bhíodh mo mháthair nuair a bhí sí ní b'óige.
8 An mbíonn aon duine eile i do theaghlach ag imirt peile?	**H** Bíonn sé dian go maith, mar bíonn an bainisteoir dian orainn.

Obair bhaile

Scríobh amach an comhrá seo in ord ciallmhar.

© Gael Linn ***(ar lean thíos)***

Rólghlacadh 3 – Caitheamh aimsire

Anseo thíos tá daichead ceist ar féidir a chur faoi rólghlacadh, Caitheamh aimsire, Tasc 3, Club óige. (Ar ndóigh, ní bheidh ach deich gceist le cur agat sa scrúdú!)

1 Cá bhfuil an club óige?
2 Cén ceantar ina bhfuil an club óige?
3 An é Club Óige na hInse is ainm don chlub?
4 An é Club Óige na Tuaithe is ainm don chlub?
5 Céard iad na himeachtaí atá ar fáil sa chlub óige?
6 An mbíonn deis cluichí páirce a imirt?
7 An féidir ceol a dhéanamh sa chlub?
8 An féidir spórt a imirt sa chlub?
9 An féidir drámaíocht a dhéanamh sa chlub?
10 An mbíonn dioscó ar siúl sa chlub?
11 An mbíonn céilí ar siúl sa chlub?
12 An féidir snúcar a imirt sa chlub?
13 An mbíonn deis ag na baill iománaíocht a imirt?
14 An mbíonn deis spóirt uisce a dhéanamh?
15 An mbíonn bearbaiciú ag na baill sa samhradh?
16 Cén táille ballraíochta atá ann?
17 An é daichead euro an táille ballraíochta?
18 Cén t-am a mbíonn an club ar oscailt?

19 An mbíonn an club ar oscailt gach oíche?
20 An mbíonn an club ar oscailt ar an Domhnach?
21 An mbíonn an club ar oscailt ar maidin?
22 An mbíonn an club ar oscailt ar feadh trí huaire an chloig?
23 An mbíonn an club ar oscailt ar feadh ceithre huaire an chloig?
24 An bhfuil áiseanna maithe istigh is amuigh ag an gclub?
25 Cé dó an club seo?
26 Tá mo dheartháir seacht mbliana déag d'aois. An bhfuil cead aige a bheith ina bhall den chlub?
27 Conas is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gclub óige?
28 Cad/céard is ainm do rúnaí an chlub?
29 Cén uimhir theileafóin atá ag an gclub?
30 An é 065 689324 an uimhir theileafóin atá ag an gclub?
31 An é 065 689327 an uimhir theileafóin atá ag an gclub?
32 Cén seoladh atá ar an suíomh gréasáin?
33 An mó ball atá sa chlub?
34 An é www.cluboigenahinse.ie an seoladh gréasáin atá ag an gclub?

© Gael Linn ***(ar lean thíos)***

35 An é www.cluboigenatuaithe.ie an seoladh gréasáin atá ag an gclub?
36 Cad tá (céard atá) le feiceáil sa chéad phictiúr ar clé?
37 Cad tá (céard atá) á dhéanamh ag na daoine óga sa chéad phictiúr ar deis?
38 Cén cluiche atá i gceist sa tríú pictiúr ar clé?
39 Cén bia atá le feiceáil sa dara pictiúr ar clé?
40 Cén fearas spóirt atá le feiceáil sa dara pictiúr ar deis?

© *yakub88/Shutterstock.com*

Rólghlacadh 4 – Caitheamh aimsire

Anseo thíos tá daichead ceist ar féidir a chur faoin rólghlacadh, Caitheamh aimsire, Tasc 4, Ceolchoirm O2.

1 Céard atá (cad tá) ar siúl san O2?
2 Cathain a bheidh an cheolchoirm ar siúl?
3 An mbeidh *Blur* ag seinm?
4 An é *Blur* an príomhbhanna ceoil?
5 Nach é *Blur* an príomhbhanna ceoil?
6 Ainmnigh na bannaí ceoil taca a bheidh ag seinm?
7 An mbeidh *Rage against the Machine* ag seinm?
8 An é *Kings of Leon* an príomhbhanna ceoil?
9 Nach é *The Verve* an príomhbhanna ceoil?
10 An mbeidh láthair champála ag an gceolchoirm?
11 Cé mhéad a chosnóidh campáil thar oíche?
12 An gcosnóidh campáil thar oíche tríocha euro?
13 Cá bhfuil na ticéid ar fáil?
14 Cé mhéad atá ar thicéad?
15 An bhfuil an ticéad costasach?
16 An bhfuil trí chéad euro ar an ticéad?
17 An gcosnaíonn an ticéad ocht gcéad euro?
18 An bhfuil costas ard ar an ticéad?
19 Cé uaidh a bhfuil na ticéid ar fáil?
20 An féidir na ticéid a cheannach ó *Ticketmaster*?
20 An mbeidh *Ticketmaster* ag díol na dticéad don cheolchoirm?
22 Conas is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gceolchoirm?
23 Céard é an uimhir theileafóin?
24 An é 0404 98345 an uimhir theileafóin?
25 An é 0404 98356 an uimhir theileafóin?
26 Céard é an suíomh gréasáin?
27 An é www.feilebhailephuinse.ie an suíomh gréasáin?

© Gael Linn ***(ar lean thíos)***

28 An é www.feileO2.ie an suíomh gréasáin?
29 Céard atá scríofa sa chéad phictiúr ar clé?
30 Cad tá le feiceáil sa tríú pictiúr ar deis?
31 Céard atá le feiceáil sa dara pictiúr ar clé?
32 Cé mhéad ticéad atá le feiceáil sa dara pictiúr ar clé?
33 An bhfuil cuma shona ar na daoine óga sa tríú pictiúr ar deis?
34 Céard atá ar siúl sa chéad phictiúr ar deis?
35 An bhfuil slua le feiceáil sa chéad phictiúr ar deis?
36 Conas tá an aimsir sa tríú pictiúr ar clé?
37 Cé mhéad duine atá sa tríú pictiúr ar deis?
38 Céard atá le feiceáil sa dara pictiúr ar deis?
39 An bhfeiceann tú grúpa ar an stáitse sa chéad phictiúr ar deis?
40 An bhfeiceann tú an focal *oxegen* sa chéad phictiúr ar clé?



Filíocht lch 28 – freagraí samplacha Buntuiscint

1 (a) Cén fáth a bhfuil croí an fhile briste? (Paitsín)

Tá an file croíbhriste, mar chaill sé a mhadra.

Mar chaill mé mo mhadra…

1 (b) Céard iad na srianta fisiciúla atá ar an seanathair? (Mo Sheanathair)

Tá an seanathair aosta anois agus níl sé in ann a chosa a úsáid a thuilleadh.

Ní féidir leis seasamh
Ná siúl ina aonar…

2 (a) Cá ndeachaigh an file nuair a bhí an madra ar an tsráid? (Paitsín)

Deir an file gur rith sé isteach nuair a bhí an madra ar an tsráid.

Nuair a rith mé isteach…

Ceapaim go raibh sé ag dul isteach i siopa chun rud éigin a cheannach go tapa agus gur fhág sé Paitsín lasmuigh.

© Gael Linn

(ar lean thíos)

2 (b) Cad is brí leis an líne, '*Is maith leis na bánta*' sa dara véarsa? (Mo Sheanathair)
Ciallaíonn an líne, '*Is maith leis na bánta*', go dtaitníonn na páirceanna leis an seanathair.

3 Mínigh an caidreamh a bhí ag an bhfile le Paitsín. (Paitsín)
Bhí an file an-mhór lena mhadra, Paitsín. Cheap sé gurbh é an madra ab fhearr riamh é.

Níor mhadra go dtí é…

Chomh maith leis sin, bhí an madra an-cheanúil ar a mháistir.

Bhí cion aige ormsa…

Bhí an file chomh cráite sin nuair a chaill sé Paitsín go mbeadh sé sásta airgead a thabhairt don té a gheobhadh ar ais dó é.

Ó, thabharfainn aon airgead,
Idir gheal agus bhuí
Don duine a gheobhadh dom
Paitsín mo chroí.

Léirthuiscint ghinearálta

1 Déan cur síos, i d'fhocail féin, ar an madra sa dán seo. (Paitsín)
Ba mhadra iontach é. Molann an file go hard na spéire é. Deir sé nach raibh madra chomh maith sin ag aon duine eile riamh.

Ní raibh madra chomh breá leis

Ag aon duine beo…

Níor chuir an aimsir isteach ná amach ar an ngadhar agus bhíodh sé breá sásta, ba chuma dea-aimsir nó drochaimsir a bheith ann.

Ba chuma leis báisteach,
Nó sneachta nó teas…

Is léir ó chaint an fhile nár thug Paitsín trioblóid ar bith dó riamh agus go raibh grá mór aige dó dá bharr.

Paitsín mo chroí…

© Gael Linn

(ar lean thíos)

2 Scríobh nóta ar an gcineál saoil atá ag an seanathair anois. (Mo Sheanathair)
Tá saol crua ag an seanfhear anois. Tá sé imithe in aois agus níl a chorp ag feidhmiú chomh maith sin a thuilleadh.

Tá mo sheanathair lag…

Níl sé in ann é féin a ardú den chathaoir.

Ní féidir leis seasamh…

agus níl úsáid a gcos aige ach oiread.

Ná siúl ina aonar…

Fanann sé ina chaothair *sa chúinne* ag machnamh agus ag caint faoi na laethanta atá thart.

Is é ag cur síos
Ar an saol atá caite…

3 Tá téama an chaillteanais le feiceáil sa dá dhán seo'. É sin a phlé.
Aontaím leis an ráiteas i gcás an dá dhán. Sa dán *Paitsín* cailleann an file a mhadra agus tá sé croíbhriste dá bharr.

Ó, tá mo chroí briste…

Ní dhéanfaidh aon ní é ach an madra a fháil ar ais slán sábháilte. Tá an file caillte gan a chara dilis.

Bheadh sé sásta airgead mór a thabhairt d'aon duine a thabharfadh an madra abhaile.

Ó, thabharfainn aon airgead
idir gheal agus bhuí,
Don duine a gheobhadh dom
Paitsín mo chroí.

Tá caillteanas le feiceáil sa dán, *Mo Sheanathair*, chomh maith. Tá úsáid a ghéag caillte ag an seanathair.

Ní féidir leis seasamh
Ná siúl ina aonar…

Tá a sheansaol imithe go deo. Níl fágtha aige anois ach a chuimhní agus braitheann sé ar dhaoine teacht chuige mar chomhluadar. Léiríonn an file caillteanas na hóige trí chomparáid a dhéanamh idir na páistí agus an seanfhear críonna caite *sa chúinne*.

© Gael Linn *(ar lean thíos)*

Prós lch 29 – freagraí samplacha

Buntuiscint

1 Cá raibh cónaí ar dheirfiúr Nóra? (Alt 1)

Bhí cónaí ar dheirfiúr Nóra i Sasana.

dul anonn go Sasana. Bhí deirfiúr léi thall.

2 Cén fáth nach raibh an seanfhear in ann codladh na hoíche a fháil? (Alt 2)

Ní raibh an seanfhear in ann codladh na hoíche a fháil, mar bhí sé ag smaoineamh ar a bheirt mhac agus ar an gcaoi ar thréig siad é.

gan néal a chodladh ach ag cuimhneamh ar a bheirt mhac a bhí imithe uaidh…

3 Cá bhfuair Nóra an traein? (Alt 4)

Fuair Nóra an traein i mBaile na hInse.

port na traenach i mBaile na hInse…

Léirthuiscint ghinearálta

1 Déan cur síos, i d'fhocail féin, ar an mbeirt mhac a bhí ag Marcus Beag.

Ní dóigh liom gur dhaoine deasa iad an bheirt mhac a bhí ag Marcus Beag. Rinne an seanfhear a dhícheall ar a son, ach náirigh siad é os comhair an phobail.

Bhí sé náirithe acu. Bhí an pobal ag déanamh magaidh faoi.

Chaill an chéad mhac a phost i siopa i nGaillimh, mar bhí sé ag ól an iomarca.

chaill sé a phost i ngeall ar an ól…

Agus d'imigh an dara mac nuair nár réitigh sé lena athair.

nuair nach bhfuair an t-ógfhear ceanndána seo cead a chinn óna athair, ghlan sé leis.

2 Cén fáth ar theastaigh ó Nóra imeacht ó bhaile, dar leat?

Theastaigh ó Nóra imeacht ó bhaile, mar ba mhaith léi a bheith lena deirfiúr i Sasana. Tá seans ann go raibh sí bréan den bhaile agus go raibh sí ag iarraidh todhchaí nua a ghearradh amach di féin – gan aon chur isteach óna tuismitheoirí. Bhí plean saoil leagtha amach ag Marcus Beag dá iníon maidir le pósadh

Dhéanfadh sé cleamhnas di…

© Gael Linn *(ar lean thíos)*

agus maidir lena hoidhreacht

D'fhágfadh sé an gabháltas aici féin agus ag a fear tar éis a bháis.

Ceapaim go raibh saoirse ag teastáil ó Nóra agus gurbh é sin an fáth ar imigh sí ó bhaile.

3 An raibh trua agat do Mharcus Beag sa scéal seo? Tabhair dhá phíosa eolais i do fhreagra.
Bhí an-trua agam do Mharcus Beag. Bhí ceathrar clainne air agus d'imigh siad ar fad uaidh. Rinne sé iarracht a bheirt mhac a shocrú síos le poist agus iad a chur ar bhóthar a leasa. Theip ar an bhfear bocht agus fágadh é náirithe os comhair an phobail.

Bhí sé ina staicín áiféise ag an mbaile – é féin agus a chlann.

Agus an chaoi ar cheap sé slí mhaith bheatha a thabhairt dóibh! Bhí iníon amháin aige ina cónaí i Sasana cheana féin agus rinne sé a dhícheall an dara hiníon, Nóra, a choimeád sa bhaile. Bhraith mé an-trua do Mharcus ag deireadh an scéil nuair a bhí Nóra ag imeacht ar an traein agus eisean ag siúl taobh léi.

Bhí Marcus Beag lena hais.

Ansin shiúil sé abhaile *go brónach dólásach* agus é ina aonar.

Leideanna don aiste – Timpiste

Is maith an ní é scéalta a ullmhú ar eachtraí mar thimpistí.

Déanaigí staidéar ar an stór focal seo!

(Bainigí úsáid as tearma.ie más gá.)

alt na coise (rúitín) *sleamhnaigh/ tit/ buail/ gearr/ bris*
ag cur fola *thit mé i laige* *díhiodráitithe* *otharcharr*
seirbhísí éigeandála *glúin/ glúine* *gualainn/ guaillí*
dealrachán *ladhar/ ladhracha* *uillinn/ uillinneacha*
giall *blaosc* *caol na láimhe (rosta)* *na gardaí*
ospidéal agus x-gha *obráid (dul faoi scian)*
cásálach (plástar) *greimeanna* *cóir leighis* *oideas*

© Gael Linn *(ar lean thíos)*

táibléid (piollairí) téarnaigh (tréimhse téarnaithe)
lámh/lámha cos/cosa méar/méara fiacail/fiacla
cnámha ag cneasú ag dul i bhfeabhas ó lá go lá
Go raibh biseach ort go luath…

Seo roinnt abairtí le húsáid i do scéal.

1 Is cuimhin liom go maith lá na timpiste. Beidh sé greannta i m'intinn go deo!
2 Bhí mí-ádh uafásach orm an lá sin.
3 Tharla gach rud chomh tapa sin, gan choinne.
4 Baineadh geit mhór asam. Cheap mé go raibh gach cnámh i mo chorp briste!

5 Cuireadh mo thuismitheoirí ar an eolas faoin timpiste agus tháinig siad go dtí an t-ospidéal láithreach.
6 Tugadh x-gha dom agus d'aontaigh na dochtúirí go raibh mo ghiall agus alt mo choise briste.
7 Cuireadh plástar trom ar mo chos.
8 Chaith mé coicís san ospidéal. Bhí mé go hiomlán díhiodráitithe agus mhothaigh mé an-lag ar fad.

9 Diaidh ar ndiaidh tháinig biseach orm.
10 Thug mo chairde cuairt orm agus dúirt siad go raibh cuma an bháis orm! Ceapaim go raibh siad ag magadh fúm!
11 Bhí na dochtúirí an-sásta leis an dul chun cinn a rinne mé, ach ní raibh siad sásta mé a scaoileadh abhaile go dtí go mbeadh an t-oideas a thug siad dom críochnaithe agam.

© Gael Linn *(ar lean thíos)*

12 Chaith mé tréimhse téarnaimh sa bhaile. Bhí mé ag dul as mo mheabhair, mar ní raibh mórán le déanamh agam seachas féachaint ar an teilifís agus imirt ar mo ríomhaire.

13 Bhí mé chomh sona le rí ag dul ar ais ar scoil. Cé a chreidfeadh é sin?

Roinnt nathanna daoibh!

- *I bhfaiteadh na súl…*
- *Sciorr an carr / mo rothar…*
- *Tháinig crith cos agus lámh orm…*
- *Bhí cuma anbhann mhílítheach orm…*
- *Bhí mé gan aithne gan urlabhra…*
- *Tháinig mé chugam féin…*
- *Le himeacht ama thosaigh an cneasú…*
- *Bhí mé ar mo sheanléim arís sula i bhfad…*

Seanfhocail úsáideacha

- *Ní féidir drochrud a mharú!*
- *Is fearr rith maith ná drochsheasamh.*
- *Is fearr an tsláinte ná na táinte.*
- *Ná tabhair cúl ar chomhairle do leasa.*
- *Ní haon mhaith cneasú thar ghoimh.*
- *Aithnítear cara i gcruatan.*
- *Is fearr rud maith daor ná drochrud saor.*
- *Ní bhíonn an rath ach mar a mbíonn an smacht.*

Obair daoibh
Cumaigí scéal le chéile ag baint úsáide as an oiread de na nathanna nua a d'fhoghlaim sibh ar an ábhar

Timpiste a tharla dom.

Freagraí crosfhocail, lch 25



© Gael Linn